

**ROINN NA NUA-GHAEILGE
Peer Review Group Report**

**National University of Ireland, Maynooth
Quality Improvement and Quality Assurance**

Academic Year 2003/2004

2004

**ROINN NA NUA-GHAEILGE,
OLLSCOIL NA hÉIREANN,
MÁ NUAD.**

TUAIRISC NA MEASÚNÓIRÍ SEACHTRACHA

RÉAMHRÁ

Baineann an tuairisc seo le measúnú ar Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Thugamar cuairt ar an Ollscoil a mhair ón 24ú Márta go dtí an 26ú Márta, 2004.

Bhuaileamar le linn na cuairte leis an baill seo a leanas de údarás na hOllscoile: An Leasuachtarán, An Cláraitheoir, Déan Dhámh na nEalaíon agus Ceannaire na hOifige Cothaithe Cáilíochta. Cuireadh réamheolas ar fáil dúinn sna cáipéisí seo a leanas faoinar bhain leis an measúnú a bhí le déanamh againn ar an Roinn:

*Tuarascáil Féinmheasúnaithe na Roinne
Trí lámhleabhar ranga de chuid na Roinne
Treoirlínte don Mheasúnú Cáilíochta*

Cuireadh an clár ama a bhí leagtha amach don chuairt ar fáil dúinn agus tugadh deis dúinn é sin a leasú de réir mar ab áil linn, rud a rinneamar. Chuir údarás na hOllscoile gach deis agus cóir ar fáil dúinn go fial le tabhairt faoinár gcuid oibre, mar atá, iostas, bia, seomraí oibre, áiseanna agus trealamh. Ba léir gur ghlac baill na Roinne go lándáiríre le próiseas an mheasúnaithe agus gur chaith siad mórán dua leis an *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* a chur i dtoll a chéile. Dá thoradh sin cáipéis mhacánta is ea an *Tuarascáil* a sholáthraíonn faisnéis shoiléir faoin Roinn.

Bhuaileamar le Déan Dhámh na nEalaíon agus leis an gCláraitheoir tráthnóna an chéad lae agus chuir siadsan comhairle orainn faoi aidhmeanna agus faoi chur chuige an Mheasúnaithe; agus bhuaileamar leo beirt arís maidin an lae dheiridh chun toradh ár gcuid oibre a phlé leo. Ba mhór an chabhair dúinn an dá chruinniú sin agus táimid buíoch díobh beirt dá mbarr. Bhí Ceannaire na hOifige Cothaithe Cáilíochta ar fáil le linn na cuairte chun ár gcuid teagmhálacha le húdarás na hOllscoile agus le Roinn na Gaeilge a eagrú agus a éascú, rud a rinne sí le barr éifeachta. Táimid buíoch di siúd mar an gcéanna.

Le linn ócáide sóisialta tráthnóna an 24ú Márta, bhuaileamar le baill lánaimseartha is pháirtaimseartha teagaisc agus le teagascóirí na Roinne, agus bhuaileamar ina nduine

is ina nduine le gach ball teagaisc lánaimseartha de chuid na Roinne, le rúnaí na Roinne, le ceannaire Ionad na dTeangacha agus le ball de fhoireann na Leabharlainne. Chomhoibrigh Ceann na Roinne agus a fhoireann go fonnmhar linn agus chuir gach eolas riachtanach ar fáil dúinn agus soiléiriú ar ghnéithe den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* de réir mar ba ghá. Thugamar cuairt ar na háiseanna seo a leanas a bhaineann le hobair na Roinne agus na mac léinn: an Leabharlann, Ionad na dTeangacha, léachtlanna, seomraí ranga agus teagaisc, seomraí ríomhaireachta.

TUAIRISC ACHOMAIR AR AN ROINN

Tá seachtar ball lánaimseartha foirne teagaisc (An tOllamh, triúr Léachtóirí Sinsearach agus triúr Léachtóirí), rúnaí lánaimseartha (Feidhmeannach Sinsearach), beirt léachtóirí páirtaimseartha agus cúigear teagascóirí sa Roinn.

Tugtar teagasc sa Roinn ar theanga, ar litríocht is ar shaíocht na Gaeilge, déantar taighde sna réimsí sin agus foilsítear aistí agus leabhair dá dhroim sin. Tugtar teagasc le haghaidh na céime B.A. agus na céime M.A. sa Nua-Ghaeilge, soláthraítear teagasc sa Nua-Ghaeilge don chéim B.Theol. agus i ngnéithe de shaíocht na Gaeilge don chéim Mhodúlach Oíche agus stiúrtar taighde do na céimeanna M.Litt. is Ph.D. Tairgítear go hócáidiúil sraith léachtaí a mbronntar Teastas i Litríocht na Gaeilge dá barr, agus tá baint ag an Roinn leis an gcúrsa don Dioplóma sa Ghaeilge agus le cúrsaí áirithe eile.

EOLAS FAOI CHÚRSAÍ

Tá aidhmeanna ginearálta na gcúrsaí fochéime leagtha amach in alt 2.2.1 den *Tuairisc Féinmheasúnaithe* mar a leanas:

- cumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge a chothú;
- cumas critice, anailíse agus sintéise a chothú;
- eolas ginearálta ar bhonn scolártha a thabhairt do mhic léinn ar thraidisiún liteartha na Gaeilge;
- staidéar domhain a dhéanamh ar roinnt gnéithe de theanga agus de litríocht na Gaeilge.

Soláthraítear eolas faoin gcúrsa fochéime B.A. do na mic léinn i dtrí lámhleabhar, ceann do gach bliain den chúrsa. Tá an t-eolas arna chur i láthair iontu go soiléir tarraingteach, ach feictear dúinn go bhfuil an cur síos ar na cúrsaí sách ginearálta agus nach bhfuil léargas iomlán le fáil ar shainspriocanna na gcúrsaí. Molaimid go ndéanfaí an t-eolas

seo a chur i láthair níos beaichte agus go léireofaí go soiléir conas a dhéantar measúnú ar an gcaoi a bhfuil na sainchuspóirí sin á mbaint amach.

Níl aon lámhleabhar den sórt seo ar fáil don chúrsa M.A., ach tuigtear dúinn go bhfuil sé beartaithe a leithéid a chur ar fáil.

AIDHMEANNA AGUS SPRIOCANNA AN CHÚRSA

In alt 3.2 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe*, deirtear:

Ón scrúdú atá déanta againn ar an Roinn creidimid gur spriocanna soiléire, innholta agus insroichte atá leagtha amach againn dúinn féin agus dár gcuid mac léinn. Creidimid go bhfuil na spriocanna sin á mbaint amach againn, den chuid is mó, agus go bhfuilimid ag feidhmiú ar son leas na Gaeilge, leas ár mac léinn, agus leas ár n-institiúide.

Aontaímid mar mheasúnóirí seachtracha gur fíor go bunúsach an ráiteas sin. Tá an méid sin bunaithe ar an tátal a bhaineamar as na cainteanna a bhí againn leis na léachtóirí, le ceannasaí Ionad na dTeangacha agus leis na mic léinn féin.

Mar atá ráite againn cheana féin, áfach, is aidhmeanna ginearálta atá leagtha síos in alt 2.2.1 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe*. Níl locht ar bith á fháil ar an méid sin againn, ach gur mhaith an rud é (a) nasc níos díri agus níos cinnte a bheith le feiceáil idir na spriocanna atá leis na cúrsaí go léir agus an measúnú a dhéantar orthu agus (b) go dtabharfaí léiriú do na mic léinn ar na scileanna a bheidh siad a fhoghlaim agus iad ag dul tríd gach cúrsa, cé acu ag leibhéal B.A. nó M.A. é.

Is é a thuigtear le ‘sprioc’ an toradh atá le baint amach go sonrach. Ba cheart ansin go mbeadh ceangal láidir idir na spriocanna agus na haidhmeanna, mar atá siad léirithe in alt 2.2.1. Féadfaidh níos mó ná cuspóir amháin a bheith ceangailte le haidhm aonair.

Molaimid, ach soiléiriú a dhéanamh ar na spriocanna agus ar na bealaí a bhfuil sé i gceist measúnú a dhéanamh orthu:

- (i) go luafaí na spriocanna atá leis na cúrsaí i gcoitinne agus go gceanglófaí na sainspriocanna sin leis na haidhmeanna.
- (ii) go luafaí go sonrach i Lámhleabhair na Mac Léinn gach sainsprioc atá le gach cúrsa, agus
- (iii) go dtaispeánfaí do na mic léinn an bealach ina dtugann an measúnú léiriú ar an gcaoi a bhfuiltear ag baint na spriocanna sin amach.

Is gné thábhachtach de aon obair traenála, ollscoile nó eile, an léiriú a thugtar ar na scileanna a bhíonn insealbhaithe ag na traenálaíthe/mic léinn ag deireadh cúrsa. Is iad na scileanna sin a bhíonn fostóirí a lorg mar a léiríonn na taighdí is deireanaí. Is soiléir dúinn go bhfuil mórán scileanna tábhachtacha á n-insealbhú ag mic léinn na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad ach gur deacair dóibh cur síos a dhéanamh orthu i dteanga a bheadh intuigthe dóibh féin agus do dhaoine eile. Molaimid mar sin go luafaí go sonrach na scileanna uile a insealbháítear ar gach cúrsa i measc an eolais ar na cúrsaí sin atá le fáil i Lámhleabhair na Mac Léinn.

ÁBHAR NA GCÚRSAÍ

Tá raon leathan ábhar á mhúineadh i réimse mór cúrsaí. Bhí ardmholadh ag na mic léinn ar na cúrsaí agus ar an eolas a chuirtear ar fáil agus a roinntear leo faoi theanga, faoi litríocht agus faoi ghnéithe de shaíocht na Gaeilge. Tuigimid nach ceart dul thar fóir le coimriú eolais dá léithéid i Lámhleabhair na Mac Léinn, ach braithimid nár mhiste cur leis an eolas ar bhealaí tuisceanacha trí bheagán a rá faoi thábhacht an chúrsa, a áit taobh istigh de chúrsa na céime, leagan amach agus ábhar na léachtaí agus mar sin de.

Tá an mheá idir na cúrsaí riachtanacha agus na cúrsaí deonacha ciallmhar agus tá na mic léinn sásta leis sin. Measaimid, áfach, go gcuirfeadh sé le feabhas na gcúrsaí dá ndéanfaí comhtháthú níos fearr ar ábhar na gcúrsaí litríochta.

Thugamar faoi deara go mbíonn cúrsaí foghraíochta agus canúna ar siúl ag an am céanna sa dara bliain. Níor mhiste an sórt seo comhthreomhaireachta a sheachaint ar mhaithe le dul chun cinn na mac léinn. Níor léir dúinn mar mheasúnóirí seachtracha ach oiread cén ceangal a bhí idir an obair ar na cúrsaí seo agus na cleachtaí a dhéantar in

Ionad na dTeangacha. B'fhiú go mór comhordú níos éifeachtaí a dhéanamh idir na codanna seo de chúrsa na céime.

CUR I LÁTHAIR NA GCÚRSAÍ

Tá ardmholadh go ginearálta ag dul do fhoireann na Nua-Ghaeilge as an gcur i láthair a dhéanann siad ar na cúrsaí ar fad. Tá éagsúlacht modhanna agus bealaí teagaisc i gceist. Tá an timpeallacht ina gcuirtear na cúrsaí ar fáil sásúil i gcoitinne agus tá idir acadúlacht agus phraiticiúlacht eolais ag baint leis na cúrsaí. Ullmhaítear na mic léinn le dul i ngleic le réimse leathan léinn agus baintear úsáid éifeachtach as teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus modhanna nua teagaisc. Tá dul chun cinn mór déanta le cúpla bliain anuas ar bhuneolas na teanga agus a saíocht a thabhairt do na mic léinn ar fad, trí shraitheanna léachtaí agus ranganna teagaisc agus oidis a chur ar fáil. Is léir go dtaitníonn an cur i láthair seo go mór leis na mic léinn agus go dtéann sé chun tairbhe dóibh uile. Chuir siad an méid sin in iúl go láidir ag na cruinnithe a bhí againn leo. Tá an chuma ar an scéal gur chun tairbhe na mac léinn lag an t-athrú seo chomh maith agus gur cuid den chúis é go bhfuil feabhas tar éis teacht ar ráta pas na chéad bhliana. Luaigh na mic léinn i gcoitinne gur tháinig feabhas nach beag ar a gcumas Gaeilge i rith thrí bliana chúrsa na céime.

Mhol na mic léinn go láidir go ndéanfaí sruthú ó thaobh cumais Gaeilge de ar na mic léinn sna ranganna teagaisc agus oidis, ionas go mbainfeadh gach duine an buntáiste is fearr as na ranganna sin.

Maidir le riar na gcúrsaí, tá ualach nach beag á iompar ag formhór na foirne agus dáileadh déanta ar an obair de réir scileanna agus suim an léachtóra aonair.

Maidir leis an bhfoireann pháirtaimseartha, is léir go bhfuil socruithe praiticiúla agus inoibrithe i bhfeidhm chomh fada is a bhaineann le dáileadh oibre, le measúnú leanúnach na gcúrsaí, le treoir acadúil agus le traenáil is le cúrsaí maidir le feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann.

Tá an ceangal le hIonad na dTeangacha ag feidhmiú go maith agus duine de fhoireann na Roinne freagrach as. Is léir go bhfuil úsáid mhaith á baint ag na mic léinn as an áis seo. Tá cúigear den fhoireann pháirtaimseartha san Ionad ag plé leis an nGaeilge.

Fuarthas airgead síl le cúrsa a chur le chéile le deireanas de bharr comhoibrithe idir an tIonad agus an Roinn – Cúrsa Dioplóma is ea é seo. Is é ár dtuairim gur cheart don Roinn infheistiú níos leanúnaí fós a dhéanamh in obair an Ionaid agus gur mhór an cuidiú chuige sin duine den fhoireann bheith freagrach go lánaimseartha as cur chun cinn na teanga trí bhíthin an Ionaid. Tá tábhacht nach beag leis an ngné seo den obair ó tharla obair na Roinne agus an Ionaid bheith ag dul i dtreo an pobail. Molaimid don Ollscoil ceapachán dá leithéid a mheá ina gcuid pleananna.

Tá ag éirí go breá chomh maith céanna leis an gcúrsa seachtrach i gCill Chainnigh agus leis na léachtaí a thugann baill de fhoireann na Roinne ar an gcúrsa sin. Cothaíonn an obair seo dlúthcheangal leis an bpobal agus cuireann seirbhís thábhachtach ar fáil do phobal atá á iarraidh.

MEASÚNÚ

Ón eolas a fuairamar as an *Tuarascáil Féinmheasúnaithe*, ó na léachtóirí agus ó na mic léinn is léir dúinn go bhfuiltear sásta a bheag nó a mhór le measúnú na gcúrsaí. Tá céatadán ciallmhar marcanna á thabhairt don mheasúnú leanúnach a bhaineann le cúrsaí áirithe. Tá mionchuntas praiticiúil, eolaíoch ar scálaí na marcanna ag gach leibhéal, scrúduithe cainte san áireamh, ar fáil. Is léir do gach mac léinn cad atá le déanamh aige/aici le marc nó grád áirithe a thuilleamh, mar aon leis an gcaighdeán labhartha nó scríofa atáthar a lorg. Tugtar aiseolas tábhachtach do gach mac léinn ar a c(h)uid oibre agus is mór go deo an dua a chaitear le ceartúcháin na chéad bhliana áit a mbíonn suas le 150 duine ag freastal ar na cúrsaí.

Bunaítear marcanna na ranganna teagaisc agus oidis ar fhreastal, ar rannpháirtíocht sa rang agus ar obair scríofa. Bainfear leas níos mó fós as measúnú leanúnach le teacht an chórais mhodúlaigh ón mbliain 2004/5 ar aghaidh. Rinneadh comhordú ar theacht an Scrúdaitheora Sheachtraigh sa mhéid go mbíonn sé/sí i láthair anois tar éis na scrúduithe scríofa agus le linn na scrúduithe cainte. Bíonn an Scrúdaitheoir Seachtrach i láthair ag cruinnithe An Bhoird Scrúdaithe agus cuirtear gach gné den chóras measúnaithe san áireamh agus marcanna deiridh á socrú.

Tugtar marcanna arda céad onóracha i gcásanna ar leith, agus cé gur ardaigh an Scrúdaitheoir Seachtrach ceisteanna fúthu sin anuraidh, is léir nach raibh aon lúb ar lár

iontu. Tá Comhairle Acadúil na hOllscoile agus an Roinn le moladh as raon iomlán na marcanna idir 1 agus 100 a úsáid go ciallmhar agus go tuisceanach.

Tá a lán eolais ar fáil i Lámhleabhair na Mac Léinn faoi chúrsaí marcála. Tugtar briseadh síos sna páipéir scrúdaithe ar chéatadán na marcanna agus tá iarrtha ag na mic léinn go dtaispeánfaí na marcanna a théann le gach mír de cheist scrúdaithe chomh maith céanna.

LUCHT IARCHÉIMEANNA TAIGHDE

Is léir go raibh meas nach beag ag na mic léinn seo ar a gcuirtear ina láthair sna léachtaí agus ar an treoir a thugtar dóibh. Luaigh siad go gcuirtear seimineáir bhreise ar fáil dóibh ar ábhair de réir mar a oireann agus go mbíonn na léachtóirí ar fáil le treoir agus misneach a thabhairt dóibh ag tráthanna cuí. Mhol siad an taobh sóisialta agus an teacht le chéile a bhíonn acu ag imeachtaí éagsúla. Thug siad ardmholadh don Leabharlann agus do na seirbhísí a chuirtear ar fail dóibh ansin agus iad i mbun a gcuid taighde.

Bhí moladh amháin acu a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar a bhfuil ar siúl cheana féin, is é sin, cúrsa cinnte a sholáthar ar mhodhanna taighde a riarfadh orthu ar fad agus é sin a dhéanamh ag tús na bliana san M.A. agus do na céimeanna eile mar a gcéanna de réir mar a bheadh gá leis.

Is léir ó liostaí na dtráchtas a thugtar in Aguisín 1 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* go dtugann na mic léinn taighde faoi raon fairsing ábhar i dteanga, i litríocht agus i mbéaloideas na Gaeilge.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO NA MIC LÉINN

Tá an-bhuíochas ag na mic léinn ar na seirbhísí uile a chuirtear ar fail dóibh le linn a gcuid ama san Ollscoil. Tá scéim inmheánach scoláireachtaí ar bun le cuidiú le scoláirí a mbíonn barr feabhais bainte amach acu faoi dheireadh na chéad agus na dara bliana. Is ábhar spreagtha an méid sin agus tá tuilleadh machnaimh ar siúl i gcónaí ar bhealaí le mic léinn a spreagadh. Cuireann Ionad na dTeangacha tacaíocht mhór ar fáil do mhic léinn a bhíonn ag iarraidh úsáid bhreise a bhaint as na háiseanna foghlama go léir a chuireann siad ar fáil. Cuidíonn an Ollscoil le costas na mac léinn a dhéanann freastal ar

chúrsaí Gaeltachta a ghlanadh agus tugtar gach ugach do mhic léinn freastal ar ócáidí a pléann le Gàidhlig na hAlban.

Is áis thábhachtach í an Leabharlann do na mic léinn agus go háirithe don lucht taighde ar chúrsaí M.A., M.Litt. agus Ph.D. Tá slacht ar an áit agus bailiúchán spéisiúil lámhscríbhinní Gaeilge innti.

Tuairiscítear sa *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* go gcuireann Ionad na Ríomhairí deiseanna ríomhaireachta agus priontála ar fáil do mhic léinn na hOllscoile uile, agus go n-eagraítear cúrsaí do mhic léinn de réir mar a bhíonn gá leo.

Tá córas meantóireachta bunaithe anois ag an Ollscoil le freastal go háirithe ar mhic léinn na chéad bhliana. Tá córas daingean tinrimh i bhfeidhm sna ranganna teagaisc agus oidis agus is furasta do na léachtóirí mic léinn nach mbíonn ag freastal a aithint. Cuidítear leo sin ar gach bealach trí scríobh chucu agus coinne a dhéanamh leo. Tá toradh ag teacht ar an obair seo ar fad mar go bhfuil isliú mór ar líon na mac léinn a theipeann sa chéad bhliain agus méadú ar a líon siúd a leanann ar aghaidh isteach sa dara bliain.

Is mór an tacaíocht a thugann an rúnaí do mhic léinn ag tráthanna éagsúla den bhliain acadúil – is droichead cumarsáide í idir na mic léinn agus an fhoireann agus is léir gur mór meas na mac léinn ar a ndéantar dóibh agus ar a éifeachtaí a eagraítear ranganna, scrúduithe béil srl.

Tá an Ghaeilge le tabhairt faoi deara ar bhealaí éagsúla i dtimpeallacht na hOllscoile. I dtús báire, tá comharthaíocht dhátheangach ar fud an champais agus í á forbairt de réir a chéile. Faigheann mic léinn seans ó am go chéile a gcuid Gaeilge a úsáid i ranna eile sa chás go mbíonn Gaeilge ag cuid de fhoireann roinne. Tá Oifig na Gaeilge, Oifigeach na Gaeilge agus cumann gaelach na hOllscoile, Cuallacht Cholm Cille, gníomhach agus eagraítear turais chultúrtha agus imeachtaí eile i measc na mac léinn. Tugadh cuairt ar an Oireachtas, téitear chuig Scoil Shamhraidh agus Scoil Gheimhridh Chumann Merriman agus cuireadh toscaireacht chuig Pairlimint na nÓg go rialta le cúig bliana anuas. Bítear ag freastal ar dhrámaí agus ar scannáin Ghaeilge i mBaile Átha Cliath. Is mór an tacaíocht a thug an scríbhneoir cónaitheach, a fostaíodh le cuidiú ón gComhairle

Ealaíon, do mhic léinn agus do obair Roinn na Gaeilge. Tá Seomra na Gaeilge lonnaithe ar an gCampas Theas, rud a chruthaíonn deacrachtaí lena riar i gceart. Seomra teagaisc seachas seomra caidrimh é den chuid is mó faoi láthair, ach táthar ag súil go mbeidh seomra caidrimh dá leithéid ar fáil i bhFoirgneamh Hume nuair a bheidh sé réidh go luath.

RIARACHÁN NA ROINNE

Is é an tOllamh an Ceann Roinne agus is é siúd, dá bhrí sin, atá freagrach as riarachán na Roinne. Glacann baill lánaimseartha na foirne teagaisc páirt sa riarachán freisin, áfach, agus tuigeadh dúinn gur le fonn a dhéanann siad é sin. Tá baill foirne ceaptha ina gcomhairleoirí don chéad agus don dara bliain, agus ina dteagmhálaithe leis an Leabharlann agus le hIonad na dTeangacha. Ceaptar baill ina seal le gnéithe den mheasúnú a ionramháil agus le feidhmiú mar ionadaí ar Dhámh na nEalaíon agus mar Dhéan ar Dhámh an Léinn Cheiltigh. Is é sin an córas atá ag an Roinn le hobair na Roinne a chur chun cinn le héifeacht agus le bealaí foirmiúla teagmhála a sholáthar idir bhaill na Roinne, idir na baill agus na mic léinn agus idir an Roinn agus na Dámha.

TEAGMHÁLACHA

An caidreamh pearsanta atá idir bhaill na Roinne, ba léir dúinn go n-éascaíonn sé comhoibriú agus teagmhálacha de gach cineál idir na baill agus go háirithe idir an Ceann Roinne agus na baill eile. Bíonn cruinnithe rialta ag an Roinn chun eolas a roinnt agus a phlé agus chun moltaí a phlé agus socruithe is cinnidh a dhéanamh. Úsáideann na baill an ríomhphost freisin chun teagmhálacha a dhéanamh le chéile. Ba léir dúinn freisin go bhfuil caidreamh maith pearsanta idir an Roinn agus Stiúrthóir Ionad na dTeangacha agus go bhfuil comhar maith oibre idir an Roinn agus an tIonad dá bharr sin, agus go bhfuil sé sin fíor freisin i dtaca leis an Leabharlann de i ngeall ar an mball foirne atá ceaptha ag an Leabharlann le bheith ag plé leis an Roinn. Tuigtear dúinn go bhfuil caidreamh maith idir an Roinn agus Ranna eile de chuid na hOllscoile agus idir an Roinn agus údaráis agus lucht riartha na hOllscoile.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Ar na príomhsheirbhísí a thugann tacaíocht do obair na Roinne tá: Rúnaí na Roinne; an Leabharlann agus a foireann; Ionad na dTeangacha agus a fhoireann; Ionad Ríomhaireachta na hOllscoile; Seomraí teagaisc agus Léachtlanna.

- Tá ról lárnach ag an **Rúnaí** i saol laethúil na Roinne i dtaca le sainghnóthaí na Roinne i gcúrsaí teagaisc, taighde, measúnaithe, scrúduithe agus riartha, i dtaca le mórán gnéithe de theagmháil na mac léinn leis an Roinn agus le baill na Roinne, i dtaca le teagmhálacha idir an Roinn agus Ranna eile de chuid na hOllscoile, le hinstitiúidí is le lucht léinn taobh amuigh den Ollscoil agus leis an bpobal. Tá ualach an-trom oibre i gceist mar go bhfuil foireann acadúil sách mór ag an Roinn agus go bhfuil an Rúnaí ag freastal ar Roinn na Sean-Ghaeilge chomh maith le Roinn na Nua-Ghaeilge, go bhfuil líon mór mac léinn i gceist idir fhochéimithe is iarchéimithe, go bhfuil formhór na mball foirne an-ghníomhach i gcúrsaí taighde agus foilsithe agus go bhfuil teagmhálacha iomadúla ag an Roinn le hinstitiúidí eile agus leis an bpobal. Is trua linn nach bhfuil na gnátháiseanna oifige ar fáil don Rúnaí, leithéidí inneall facs, fótachóipeála agus scannála. De bharr seo uile ní hannamh a bhíonn ar an Rúnaí obair a dhéanamh lasmuigh dá huaireanta conartha, rud a dhéanann sí le croí maith i gcónaí. Is trua linn mar an gcéanna nach mbíonn an deis aici, de bharr bhrú oibre, freastal ar chúrsaí oiliúna.

Go bhfios dúinn níl aon Rúnaí eile san Ollscoil atá ag freastal ar dhá Roinn. Molaimid go gceapfaí an dara rúnaí de fhonn an t-ualach oibre a laghdú. Níor mhór spás oifige breise a sholáthar chuige sin, mar go bhfuil an oifig atá ag an Rúnaí róbheag le go bhféadfadh sí í a roinnt le duine eile.

- Is léir go bhfuil an méadú atá tar teacht ar líon na mac léinn san Ollscoil le suim bhlianta anuas tar éis an **Leabharlann** a chur faoi strus i dtaca le spás agus le seirbhísí agus go bhfuil sé seo ag cur as do fhoireann na Leabharlainne, do na mic léinn agus do fhoireann acadúil na hOllscoile. Cuireann na fadhbanna seo isteach ar Roinn na Nua-Ghaeilge, idir fhoireann agus mhic léinn. Duine eolasach tuisceanach is ea an ball de fhoireann na Leabharlainne atá i mbun an fhreastail a dhéantar ar riachtanais na Roinne, agus cuidíonn a tacaíocht-sa leis an Roinn déileáil leis na fadhbanna atá i gceist. Is léir, áfach, nach réiteofar na fadhbanna sin go dtí go dtógfar foirgneamh nua Leabharlainne ina mbeidh tuilleadh slí do leabhair, irisí, dlúthdhioscaí agus foinsí eile eolais, tuilleadh spáis le haghaidh léitheoirí agus soláthar níos fearr acmhainní ríomhaireachta.
- Tá cuid de na mic léinn i Roinn na Nua-Ghaeilge a bhfuil a gcumas Gaeilge sách lag agus a bhfuil ar an Roinn iarracht mhór leanúnach a dhéanamh le cuidiú leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Tá foireann na Roinne féin, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha ag gabháil den obair seo, ach tá an tacaíocht a fhaigheann an Roinn ó **Ionad na dTeangacha** fíorthábhachtach. Stiúránn Stiúrthóir an Ionaid obair an chúigear teagascóirí Gaeilge atá fostaithe (go páirtaimseartha) ag an Ionad ar ndóigh, ach chomh maith leis sin tá sí ag soláthar ábhar teagaisc i nGaeilge, ábhar atá bunaithe ar chur chuige éifeachtach. Mar sin féin, ba mhór an mhaith a dhéanfadh sé do obair na Roinne dá mbeadh ball foirne fostaithe sa Roinn a bheadh i mbun teagasc na Gaeilge. Tá sé deacair féachaint chuige go mbeadh eagar ceart ar an obair seo nuair atá baill éagsúla foirne ag gabháil di agus is lúide sin toradh na hoibre. Molaimid go láidir go gceapfaí léachtóir le teanga na Gaeilge mar bhall breise foirne sa Roinn. Bheadh de thairbhe ag baint leis an gceapachán seo (1) go mbeadh duine ar fhoireann na Roinne a bheadh ina s(h)aineolaí teagaisc teanga agus a bheadh tiomnaithe don ghné sin de obair na Roinne agus (2) go saorfaí na baill eile ó theagasc na teanga chun go bhféadfaidís a n-aire ar fad a dhíriú ar a sainréimsí taighde agus teagasc féin.

- Tá áiseanna ríomhaireachta, idirlín agus ríomhphoist ag gach ball foirne agus tá córas sásúil ag **Ionad Ríomhairí** na hOllscoile le comhairle a thabhairt agus le déileáil le fadhbanna agus forbairtí sa réimse sin.
- Tá an soláthar **Seomraí teagaisc agus léachtlanna** gan a bheith sásúil ar bhealaí éagsúla. Níl dóthain léachtlanna móra ann ina bhfuil slí do ranganna móra na chéad bhliana, rud a fhágann nach annamh go mbíonn ar mhic léinn suí ar an urlár le linn léachtaí: cuireann sé sin isteach go mór ar an bhfoghlaim agus ní gá a rá nach bhfuil sé ag teacht leis an tuairim a bhíonn ag na mic léinn den ollscoil sula dtagann siad go dtí an Coláiste. Tá baill foirne na Roinne ag súil go gcuirfead Léachtlanna níos feiliúnaí ar fáil dóibh ach a n-osclofar foirgneamh Hume agus go réiteofar an fhadhb ar an gcaoi sin. Tá fadhb ag baint freisin le ‘Seomra na Gaeilge’ ina ndéantar cuid mhaith ranganna beaga a theagasc. Tá an seomra seo ar an gCampas Theas agus is iondúil go mbíonn mic léinn mall ag teacht i láthair le haghaidh ranganna mar gheall ar an bhfad a bhíonn le siúl acu tar éis ranga eile ar an gCampas Thuaidh. Níl aon réiteach ar an bhfadhb seo ach seomra(i) teagaisc a sholáthar ar an gCampas Thuaidh le haghaidh na ranganna seo.

TAIGHDE

Bíonn taighde á dhéanamh ag an gcuid is mó de na baill foirne agus bíonn toradh a gcuid taighde á chur i láthair acu i léachtaí poiblí in institiúidí léinn agus ag comhdhála, agus bíonn sé á fhoilsiú acu in irisí léinn agus i leabhair. I réimsí (1) na teangeolaíochta, (2) stair na litríochta agus na saíochta agus (3) na critice a bhíonn aistí agus leabhair á bhfoilsiú acu, agus tá aitheantas bainte amach acu i measc lucht léinn na Gaeilge i ngeall ar ardchaighdeán a gcuid saothair.

Eagraíonn an Roinn comhdháil in aghaidh na bliana sa tsraith Léachtaí Cholm Cille: leagtar eagrú na comhdhála mar chúram ar bhaill éagsúla de chuid na Roinne agus le hocht mbliana anuas tá an tOllamh Ó hUiginn tar éis eagarthóireacht a dhéanamh ar na léachtaí chun a bhfoilsithe mar bhailiúchán aistí sa tsraith *Léachtaí Cholm Cille*. Bíonn lucht éisteachta mór i láthair ag na léachtaí gach bliain agus bíonn an-éileamh ar na leabhair a fhoilsítear. Tá sraithleabhar eile, *Bliainiris*, á fhoilsiú faoi scáth na Roinne le ceithre bliana anuas freisin.

Níor chuir an Roinn isteach go dtí seo ar mhaoiniú ón Údarás um Ardoideachas le haghaidh thionscnamh taighde. Is cosúil nár éirigh leis an Roinn tionscnamh dá cuid féin nó i bpáirt le roinn/ranna eile de chuid na hOllscoile a aimsiú a bheadh sách tathagach le maoiniú a mhealladh, ach is léir gur mhaith léi go mór anois cur isteach ar mhaoiniú mar sin de fhonn cur le cáil na Roinne mar ionad taighde. Molaimid go láidir leis an Roinn ar an bplean seo.

FORBAIRT FOIRNE

Is iad na bealaí atá ag baill bhuana na foirne acadúla le feabhas a chur orthu féin mar mhúinteoirí is mar thaighdeoirí freastal ar chruinnithe de chuid na Roinne féin, ar chruinnithe agus ar chúrsaí de chuid na hOllscoile agus ar chomhdhála is ar chruinnithe proifisiúnta, agus saoire gairme nó blianta sabóideacha a fháil.

Tionóltar cruinnithe rialta foirne sa Roinn le plé a dhéanamh ar chúrsaí reatha agus tuigtear dúinn go mbraitheann an chuid is mó de na baill foirne gur tairbheach iad na cruinnithe seo. Glacann foireann na Roinne páirt, oiread agus is féidir, sna cúrsaí éagsúla a chuireann an Oifig Cothaithe Cáilíochta ar fáil agus tuairiscítear in alt 2.5.1.3 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* gur moladh go mór na cúrsaí a ndearna baill foirne freastal orthu. Ciotáí amháin a bhaineann leis na cúrsaí seo gur minic iad ag teacht salach ar chlár ama na léachtaí/ ranganna a bhíonn le tabhairt ag foireann na Roinne sa tslí nach mbíonn siad saor le freastal ar na cúrsaí. Luaitear freisin in alt 2.5.1.3 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* gur mhór ag foireann na Roinne agus ag pobal Gaeilge na hOllscoile dá mbeadh an Oifig Cothaithe Cáilíochta sásta roinnt de na cúrsaí sin a chur ar siúl trí mheán na Gaeilge.

Ba léir dúinn agus sinn ag caint leis na baill lánaimseartha foirne go mbíonn siad ag freastal go rialta ar chomhdhála is agus go mbaineann siad tairbhe astu. Labhair ball amháin foirne linn, áfach, faoin 'tuirse acadúil' atá air agus luaigh cúpla ball linn athruithe a rinneadh le deireanas i gcóras na sabóide. Ba mhór an tubaiste é, dar linn, mura mbeadh deis ag baill na foirne acadúla saoire shabóide a fháil ar bhonn rialta chun go bhféadfaidís a gcuid taighde a dhéanamh gan cúrsaí teagaisc agus riaracháin a bheith ag cur isteach orthu.

Eagraíonn an Roinn cruinnithe ag tús na bliana le haidhmeanna agus cur chuige na ranganna teagaisc a leagan amach agus a mhíniú agus téann baill na foirne buaine i dteagmháil go rialta leis na teagascóirí le cúrsaí na ranganna atá faoina gcúram a phlé. Luaigh na mic léinn linn go dtarlaíonn sé uaireanta go dtugann an cur chuige i rang teagaisc le tuiscint nach dtuigtear gur daoine lánfhásta atá iontu féin mar mhic léinn tríú leibhéal. Ba chóir féachaint le córas a chur ar bun le déileáil le fadhbanna mar sin.

CAIDREAMH SEACHTRACH

Tá an chuid is mó de bhaill na foirne acadúla lánaimseartha an-ghníomhach i gcaidreamh seachtrach le forais is le hinstiúidí éagsúla seachtracha, go háirithe instiúidí léinn, an Státseirbhís agus fondúireachtaí saíochta agus cultúir: ag freastal ar chruinnithe agus ag tabhairt léachtaí, ag gníomhú mar mheasúnóirí seachtracha i dtaca le scrúduithe, tráchtas, cúrsaí, iniúchadh fheabhas Roinne agus foilseacháin, mar bhaill de bhoird agallaimh i dtaca le ceapacháin is le harduithe céime, mar bhaill de bhoird scoile agus instiúidí éagsúla eile, mar mholtóirí ar chomórtais liteartha agus cultúir.

Cúpla bliain ó shin chuaigh an Roinn i bpáirt le hOllscoileanna eile le tuarascáil a scríobh a raibh sé de aidhm aici bonn ceart a chur faoin oideachas tríú leibhéal sa Ghaeltacht (féach Aguisín 4 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe*). Sa chomhthéacs seo, tá dlúthchaidreamh stairiúil idir an Roinn agus Gaeltacht Ráth Cairn, arb í an Ghaeltacht is cóngaraí do Mhaigh Nuad í, agus tá comhoibriú ar bun idir an Ghaeltacht sin agus an Ollscoil a dhéanann leas an dá ionad. Freastalaíonn fochéimithe na Roinne ar chúrsaí aitheanta teanga agus ar ócáidí sóisialta i nGaeltacht Ráth Cairn agus freastalaíonn pobal Ráth Cairn ar ócáidí sóisialta san Ollscoil. Cuireadh trí chúrsa ar bun i Ráth Cairn faoi bhainisteoireacht na Roinne sa bhliain 2000-1, mar atá, An Teastas i Litríocht na Gaeilge, An Teastas sa Spioradáltacht Dúchais agus cúrsa ríomhaireachta an ECDL a bhí á reáchtáil ag Roinn na Ríomheolaíochta, agus tá plean cuimsitheach curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais ag Roinn na Nua-Ghaeilge chun forbairt a dhéanamh ar an gcomhoibriú idir an Ghaeltacht agus an Roinn (féach ailt 6.1-8.4 den 'Straitéis Forbartha' sa *Tuarascáil Féinmheasúnaithe*). Tá sé i gceist ag an Ollscoil Lárionad Oideachais agus Gaeilge a bhunú i Ráth Cairn a chuirfidh ar chumas na hOllscoile teagasc ceart tríú leibhéal i nGaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht dá cuid mac léinn agus cúrsaí Gaeilge agus trí Ghaeilge a chur ar bun a bheidh dírithe ar phobal Ráth Cairn agus ar phobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath agus Chúige Laighean.

Déanann an Roinn teagmháil le pobal na Gaeilge de bhíthin roinnt cúrsaí eile a sholáthraíonn sí. Glacann an Roinn páirt i soláthar cúrsaí trí mheán an Bhéarla le haghaidh na Céime Modúlaí Oíche a reáchtálann an Ollscoil i gCill Chainnigh agus Maigh Nuad. Cúrsa do mhic léinn lánfhásta pháirtaimseartha is ea é seo agus, bíodh go n-aithníonn an Roinn go n-éilíonn sé am agus fuinneamh ón Roinn, is fiú le baill na Roinne an dua seo a chur orthu féin. Soláthraíonn an Roinn cúrsa le haghaidh an

Teastais i Litríocht na Gaeilge arb í an aidhm atá léi breac-chuntas a thabhairt dóibh siúd a fhreastalaíonn ar an gcúrsa ar litríocht na Gaeilge ón tús anuas go dtí ár linn féin agus tá sí tar éis cúrsa eile fós, .i. an cúrsa le haghaidh an Dioplóma sa Ghaeilge, a thairiscint den chéad uair i mbliana, cúrsa atá dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán maith sa Ghaeilge acu cheana féin agus atá ag iarraidh cur lena gcumas sa teanga.

Luaitear in alt 2.1.7.1 den *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* an dua a bhaineann leis na cúrsaí a sholáthar le haghaidh na Céime Modúlaí Oíche agus déantar tagairt freisin do iomadúlacht na gcúrsaí oíche atá á dtairiscint ag an Roinn, rud a d'fhág nárbh fhéidir an cúrsa le haghaidh an Teastais i Litríocht na Gaeilge a sholáthar gach bliain. Tá díograis na Roinne go mór le moladh, ach níor mhór di freisin a bheith san airdeall ar an mbaol a bhainfeadh leis an iomarca uaimhíne agus leis an bhforbairt neamhshrianta. Fiú dá gcuirfí dóthain foirne ar fáil chun an teagasc breise a bhíonn i gceist a sholáthar, ní mór cuimhneamh ar an ualach riaracháin a bheadh le hiompar ag an gCeann Roinne agus ag baill eile den fhoireann lánaimseartha agus féachaint chuige nach gcuirfí isteach rómhór ar an taighde atá riachtanach le bonn slán a choinneáil faoin teagasc lárnach a sholáthraíonn an Roinn.

TUILLEADH

Líon na Mac Léinn: Tá líon mór mac léinn ag an Roinn, idir fhochéimithe, iarchéimithe máistreachta atá ag gabháil don chéim ar mhodhanna éagsúla is iarchéimithe dochtúireachta agus mhic léinn pháirtaimseartha. Feictear dúinn go bhfuil a mbíonn de léachtaí le tabhairt ag na baill foirne réasúnta go leor. Scéal eile ar fad is ea líon na ranganna teagaisc agus oidis a sholáthraíonn an Roinn, a mbíonn de thráchtas le stiúrtóireacht a dhéanamh orthu agus de aistí, de cheachtanna is de pháipéir scrúduithe le léamh is le ceartú, agus an méid ama a chaitear ag cur comhairle ar mhic léinn.

Ón uair go bhfuil líon na mac léinn chomh mór is atá, níorbh fhéidir riar sásúil ranganna teanga agus oidis a sholáthar gan chabhair na dteagascóirí atá fostaithe ag an Roinn. Ba chóir don Roinn, áfach, machnamh a dhéanamh ar mhodh an tsoláthair, go háirithe i gcás ranganna oidis. Sa chás go bhfuil léachtóir ag tabhairt léachtaí agus teagascóirí eile ag stiúradh na ranganna oidis, d'fhéadfadh mearbhall a bheith ar mhic léinn áirithe dá mbeadh tuiscintí difriúla ar an ábhar á gcur faoina mbráid ag múinteoirí éagsúla.

Maidir le stiúrthóireacht a dhéanamh ar thráchtas agus le haistí is ceachtanna a léamh is a cheartú, is léir gur sciar an-mhór de obair na léachtóirí é seo, bíodh nár cuireadh é sin san áireamh sa *Tuarascáil Féinmheasúnaithe* agus tuairisc á tabhairt ar ualach oibre na léachtóirí. Tá cur chuige an-bheacht leagtha amach ag an Ollscoil le haghaidh mheasúnú na n-aistí agus na scrúduithe, agus tá a leithéid chéanna de scéim ceaptha amach ag an Roinn féin le haghaidh an mheasúnaithe sna scrúduithe cainte. Fós féin is an-mhór go léir an obair a bhíonn le déanamh ag baill na foirne sa réimse seo.

Ba léir dúinn ar mhórán slite go dtuigeann baill na foirne a thábhachtaí atá sé go mbeidís ar fáil le fadhbanna na mac léinn a phlé leo agus le comhairle a chur orthu agus go raibh a bhformhór lántoilteanach an-chuid ama a chaitheamh ar an gcaoi seo.

Ní mór aitheantas cuí a thabhairt don ualach mór oibre sin in aon tuairisc a thabharfaí ar an Roinn agus in aon éileamh a dhéanfaidh an Roinn ar thacaíocht ón Ollscoil chun cúrsaí nua a chur ar fáil.

CONCLÚIDÍ

Is iad seo a leanas na láidreachtaí a bhaineann le Roinn na Nua-Ghaeilge mar a léiríodh agus a tugadh faoi deara iad le linn na cuairte:

- An Roinn a bheith ag mealladh líon mór mac léinn mar bhunchéimithe agus mar iarchéimithe agus caighdeán na mac léinn sin a bheith inchurtha le mic léinn as aon Ollscoil eile sa tír.
- Scileanna tábhachtacha eolais, taighde agus neamhspleáchais a bheith á n-insealbhú ag na mic léinn.
- Taighde ar ardleibhéal a bheith ar siúl ag furmhór mór na foirne chomh maith le comhdhálacha bliantúla agus foilseacháin rialta a bheith á reáchtáil agus á bhfoilsíú, faoi seach.
- Freastal an-sásúil i bhfoirm tacaíochta a bheith ar fáil do na mic léinn agus do phobal sheachtrach na Gaeilge.
- Teagmhálacha seachtracha a bheith á gcothú de shíor le pobail éagsúla, leis an nGaeltacht agus le hOllscoileanna eile in Éirinn agus thar lear.
- Forbairt leanúnach foirne a bheith ar siúl, trí shaoire shabóideach, trí scéimeanna oideachais rialtais agus trí fhreastal ar chúrsaí/chomhdhálacha ar bhonn rialta.
- An fhoireann a bheith réamhghníomhach i bhforbairt siollabas agus curaclaim i réimsí éagsúla go háirithe maidir le cumas teanga na mac léinn.
- An fhoireann a bheith sásta ualach mór oibre, tacaíochta agus ceartúchán a iompar ar gach leibhéal.
- Rúnaí na Roinne a bheith fíoréifeachtach agus sásta ualach ollmhór oibre a tharraingt uirthi féin agus a iompar.

Is beag laigí a aimsíodh agus d'fhéadfaí iad a leigheas ach teannadh suas a dhéanamh ar chuid dá bhfuil ar siúl cheana féin, mar atá:

- Eolas níos iomláine a sholáthar i Lámhleabhair na Mac Léinn faoi shainspriocanna agus faoina measúnú.
- Léiriú a thabhairt sna Lámhleabhair chéanna ar na scileanna éagsúla a insealbhaítear ar gach cúrsa.
- Sruthú níos mine a dhéanamh ag na ranganna teagaisc agus oidis ó thaobh chumas Gaeilge na mac léinn.
- Gach iarracht a dhéanamh comhuaineacht i múineadh na foghraíochta agus na canúineolaíochta a sheachaint.

- Comhthathú níos fearr a dhéanamh ar sholáthar na litríochta ag leibhéal na fochéime.

Is féidir tógáil go héifeachtach ar na láidreachtaí agus na buanna atá ag an bhfoireann. Is beag ach oiread an iarracht atá ag teastáil leis na laigí thuasluaite a ruaigeadh agus tá muinín againn go bhfuil sé ar chumas na foirne sin a dhéanamh. Molaimid don Ollscoil bheith réamhghníomhach i bpáirt leis an Roinn agus (a) soláthar cuí breise a chur ar fáil i bhfoirm rúnaíochta, (b) léachtóir breise a cheapadh le freastal ar theagasc na Gaeilge agus (c) áiseanna cuí do ranganna teagaisc agus caidrimh a chur ar fail ar an Champas Thuaidh.

Lena chois sin uile, is léir go bhféadfaí forbairtí nua a thabhairt chun cinn agus go bhfuil an fhoireann cheana féin ag machnamh sa treo sin. Tá buanna pearsanta agus taighde ag an bhfoireann a chuirfeas go mór le soláthar cúrsaí agus seasamh na Roinne san am atá romhainn. Molaimid gur de réir a chéile a dhéanfar amhlaidh tar éis do chuid de na moltaí atá luaite againn thuas a bheith tugtha i gcrích ag an Roinn agus ag an Ollscoil. Chinnteodh an méid seo nach dtitfeadh ualach míchuí breise ó thaobh oibre de ar an Roinn in éagmais na tacaíochta atá tuillte aici ó chóras na hOllscoile.

MOLTAÍ

Don Ollscoil

- Chun bonn níos daingne a chur faoi theagasc na Gaeilge sa Roinn féin agus chun an comhar breá idir an Roinn agus Ionad na dTeangacha agus idir an Roinn agus Gaeltacht Ráth Cairn a neartú, molaimid don Ollscoil go gceapfaí sa Roinn saineolaí teagaisc teanga mar bhall lánaimseartha foirne breise a bheadh ina léachtoir le teanga na Gaeilge.
- Mar go bhfuil an Rúnaí ag freastal ar dhá Roinn agus go bhfuil an t-ualach oibre atá uirthi faoi láthair róthrom, molaimid don Ollscoil go gceapfaí an dara Rúnaí le freastal ar Ranna na Gaeilge agus go soláthrófaí spás breise oifige chuige sin.
- Níor lig forálacha an phróisis mheasúnaithe dúinn trácht ar fhadhb amháin a bhaineann le hacmhainní daonna na Roinne. Is eol dúinn go bhfuil a fhios ag lucht riartha na hOllscoile go bhfuil an fhadhb seo ann agus a ghéire atá sí. Molaimid go láidir dóibh cuidiú le Ceann na Roinne an fhadhb seo a réiteach.
- Ón uair go bhfuil ‘Seomra na Gaeilge’ ar an gCampas Theas mí-áisiúil mar sheomra teagaisc i ngeall ar a fhad atá sé ón gCampas Thuaidh, molaimid go gcuirfeadh an Ollscoil seomra(i) teagaisc ar fáil don Roinn ar an gCampas Thuaidh.

Don Roinn

- Molaimid don Roinn go ndéanfaí an t-eolas a sholáthraítear i Lámhleabhair na Mac Léinn faoi shainspriocanna na gcúrsaí a chur i láthair níos beaichte agus go léireofaí go soiléir conas a dhéantar measúnú ar an gcaoi a bhfuil na sainspriocanna sin á mbaint amach. Molaimid freisin go luafaí go sonrach na scileanna uile a insealbhaítear ar gach cúrsa i measc an eolais ar na cúrsaí Gaeilge atá le fáil i Lámhleabhair na Mac Léinn.
- Molaimid go bhféachfadh an Roinn le sruthú ó thaobh cumais Gaelge de a dhéanamh ar na mic léinn sna ranganna teagaisc agus oidis, ionas go mbainfeadh gach duine acu an buntáiste is fearr as na ranganna sin.
- Molaimid go ndéanfaí comhtháthú níos fearr ar na cúrsaí fochéime litríochta agus go bhféachfaí le comhuaineacht a sheachaint i soláthar na gcúrsaí teanga.

MODHEOLAÍOCHT AN PHRÓISIS MHEASÚNAITHE

Chuir Údaráis na hOllscoile, Ceannaire na hOifige Cothaithe Cáilíochta agus Roinn na Nua-Ghaeilge gach eolas, comhairle, cáipéis agus áis riachtanach ar fáil dúinn, ionas go rabhamar in ann tuiscint mhaith shoiléir a fháil dúinn féin ar obair, ar struchtúir, ar phleananna agus ar riachtanais na Roinne. Tugadh deis dúinn bualadh le gach duine de fhoireann bhuan na Roinne ina nduine is ina nduine. Measaimid, áfach, gurbh fhéidir gur chabhair é bualadh leis an bhFoireann ar fad in éineacht i gcruinniú foirmeálta chun go bhfeicfimis cén chaoi a réiteoidís le chéile ar ócáid mar sin. Chomh maith leis sin, tar éis gur labhramar go minic leis an gCeann Roinne agus gur roinn sé a chuid tuiscintí linn go fial, ní raibh deis againn séis fhoirmeálta comhrá a bheith againn leis go dtí deireadh na cuairte. Measaimid gur thairbheach a leithéid a bheith againn leis i dtosach na cuairte.

Cáipéis an-mhacánta ab ea *Tuarascáil Féinmheasúnaithe na Roinne* agus chuir sí bonn maith faoinár n-iarracht le léargas a fháil ar an Roinn. Ar an gcaoi chéanna chuir an cháipéis Ollscoile *Treoirlínte don Mheasúnú Cáilíochta* fráma tagartha agus struchtúr oiriúnach ar fáil don mheasúnú. Mheasamar, áfach, gur chóir go mbeadh an fforaí in Aguisín 4 níos solúbtha ná mar atá, agus gur chóir freisin a aithint sa mhír ‘An féinmheasúnú á fhreagairt’ (1) nach le cúrsaí a mhúintear amháin a bhíonn roinn acadúil ag plé ach go mbíonn mic léinn ag déanamh taighde faoi stiúir na roinne freisin; agus (2) go bhfuil riarachán i gceist i roinn acadúil seachas riar na gcúrsaí, an teagaisc agus an taighde, mar atá bainisteoireacht na foirne agus na roinne féin. Chuireamar na nithe seo san áireamh inár dtuairisc féin.

Peer Review Board

Name:

Signature:

Dr. David Redmond,
Registrar
National University of Ireland, Maynooth

Dr. Peter Denman
Dean of Arts
National University of Ireland, Maynooth

Dónall Ó Baoill
Ollamh na Gaeilge
Coláiste na Bainríona
Béal Feirste

Cathal Ó Háinle
Ollamh na Gaeilge
Coláiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath.
